

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile / School name	Coláiste An Eachréidh
Seoladh na scoile / School address	An Coiléar Bán Baile Átha An Rí Co Na Gaillimhe
Uimhir rolla / Roll number	76102K

Dáta na Meastóireachta: 06-12-2017



This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

Conas an tuairisc seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

MEASTÓIREACTH SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACTH AGUS FOGHLAIM

Dátaí na cigireachta	06-12-2017
Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh Cruinniú leis an mBord Bainistíochta Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach Cruinnithe le príomhbhaill foirne Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha Agallamh le fócasghrúpa scoláirí	Cruinniú le tuismitheoirí Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí Breathnú ar theagasc agus foghlaim Scrúdú ar obair na scoláirí Aiseolas don fhoireann bhainistíochta shinsearach bord bainistíochta agus múinteoirí

Comhthéacs na scoile

Iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, chomhoideachais is ea Coláiste an Eachréidh atá suite i mBaile Átha an Rí in oirthear na Gaillimhe. Tá an scoil ar cheann de thrí iar-bhunscoil atá ag soláthar oideachais sa bhaile mór seo. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2006 faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) na Gaillimhe agus Ros Comáin agus i mbliana 2017/18 tá 205 scoláire ar an rolla. Glactar le scoláirí ó bhunscoileanna Béarla agus lán-Ghaeilge. Le gairid, fograíodh Campas Gaelscolaíochta do phobal an Choláiste agus pobal Ghaelscoil Riada atá lonnaithe sa bhaile mór freisin. Ag am na meastóireachta bhí pobal an dá scoil ag fanacht ar nuacht faoi sceideal tógála an champais. Is iad an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain, ar bhonn éigeantach, agus an Ardteistiméireacht bhunaithe na cláir atá ar fáil ar churaclam na scoile.

Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí:

Cinntí

- Ar an iomlán, bhain caighdeán maith le cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta.
- Tá cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi na treoirlínte *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna* ach níl polasaí scoile forbartha don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ná don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).
- Bhí cáilíocht an teagaisc go han-mhaith nó go maith i bhformhór na gceachtanna agus bhí cleachtas sásúil i líon suntasach eile de na ceachtanna, tá gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chleachtas na difreála agus ar phrionsabail mheasúnú chun foghlama (McF).
- Bhí eispéreas na bhfoghlaimoirí go han-mhaith in ag tarraingt ar leath de na ranganna agus bhí cáilíocht na foghlama agus an mheasúnaithe sa raon idir sásúil agus go maith i dtromlach na gceachtanna.
- Ar an iomlán, tá dul chun cinn maith déanta maidir le moltaí meastóireachta a chur i bhfeidhm agus i gcás fhormhór na bpleananna ábhair is dul chun cinn sásúil atá bainte amach.
- Tá tiomantas ar shár chaighdeán i leith na Gaeilge sa scoil agus tá acmhainn chun feabhais ar cháilíocht an-ard i measc phobal na scoile, tá gá le struchtúir níos córasaí don fhéinmheastóireacht scoile (FMS) a fhorbairt.

Moltaí

- Bheadh sé tairbheach don bhord córas níos straitéisí agus níos iomláine a cheapadh d'fhorbairt agus d'athbhreithniú beartais iomláin scoile, idir pholasaithe agus phleananna, pleananna feabhsúcháin na FMS san áireamh

- Tá gá le polasaí aontaithe iomlán scoile don OSPS agus don OCG agus plean scoile uile don Treoir a fhorbairt.
- Ar mhaithe le fíís threorach na scoile a chothú tuilleadh; moltar bealaí fiúntacha a aimsiú chun guth na scoláirí a láidriú sa scoil.
- Moltar úsáid chórasach a bhaint as an bpróiseas sé-chéim FMS chun aghaidh a thabhairt ar réimsí forbartha atá aitheanta agus struchtúr forfheidhmithe chun na forbairtí sin a bhaint amach.
- Thabharfadh an treoirleabhar *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* (ABSA) creat chun spriocanna forbartha a aithint do chleachtas na difreála, chomh maith le treoir do pholasaí measúnaithe a fhorbairt agus cleachtas comhoibríoch na múinteoirí i leith na pleanála ábhair a fheabhsú.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta go maith ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí. Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach go han-mhaith le chéile agus spreagann siad páirteachas i leith na ceannaireachta agus an phróisis chinnteoireachta i measc na foirne. Leagann ráiteas misin na scoile amach spriocanna agus ionchais don scoil mar phobal foghlama. Treoraíonn an fhís scoláire-lárnaithe obair na bainistíochta sinsearaí oideachas iomlánaíoch a sholáthar do na scoláirí agus tá glactha leis mar mhisean treorach ag an bhfoireann. Tá an chumarsáid idir an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann go maith agus cothaíonn an bhainistíocht timpeallacht scoile an-dearfach agus spreagann siad idirghníomhaíocht ómósach ag na leibhéil uile laistigh den phobal scoile.

Glacann an bhainistíocht shinsearach páirt ghníomhach i gcumainn ghairmiúla do cheannairí agus do bhainisteoirí scoile mar aon le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) dá ról. Tacaíonn siad go láidir le FGL na múinteoirí agus eagraíodh clár oiliúna don fhoireann le roinnt blianta anuas a bhain go sonrach le cur chun cinn an teagaisc agus na foghlama sa scoil. Tá sé le moladh freisin go raibh béim sa chlár um forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar mhúinteoirí a choinneáil ar an eolas faoi athruithe san oideachas. Tá próiseas ionduchtaithe éifeachtach do mhúinteoirí nuacheaptha agus do mhic léinn tríú leibhéal atá ina n-ábhar múinteoirí ar an gclár Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) agus ag déanamh cleachtadh múinteoireachta sa scoil. Tá lámhleabhar d'ard chaighdeán forbartha ag an bpríomhoide thar na blianta.

Soláthraítear raon maith ábhar agus clár do na scoláirí agus i mbliana cuireadh an t-ábhar Folláine leis an gcuraclam do lucht na chéad bhliana. Tá freastal déanta ag baill na foirne ar laethanta inseirbhíse faoi chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach agus ghlac siad páirt i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) i gcomhairle le hiar-bhunscoileanna áitiúla. Seoladh abhaile Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) do scoláirí na tríú bliana sa Bhéarla. Chuirfeadh sé go mór le roinnt an dea-chleachtais struchtúr a cheapadh chun aiseolas ó chúrsaí seachtracha FGL a chur faoi bhráid na foirne go léir. Tacaíonn an raon fairsing imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim leis an soláthar seo agus tá an fhoireann le moladh as a ndúthracht agus a bhflaithiúlacht na himeachtaí breise seo a chur ar fáil.

Tá na nósanna imeachta chun tacú le bainistiú na scoláirí go han-mhaith. Tá dréimire atreoraithe agus slabhra freagrachta mar chuid shoiléir den chód agus tionóltar coiste smachta nuair is gá. Cuidíonn céimeanna cothroma an chóid le dea-atmaisféar measúil a chruthú. Bhí dea-theist ar fhorfheidhmiú

an chóid chomh maith leis an mbealach cothrom agus ómósach a chaitear leis na scoláirí le léamh sna ceistneoirí go léir.

Ar an iomlán, tá an struchtúr tacaíochta do scoláirí sa scoil dea-eagraithe agus comhordaithe go maith. Tá tacaíocht láidir air sin sna freagraí ar na ceistneoirí. Tá gaol an-mhaith idir an fhoireann agus na scoláirí agus tá tionscnaimh mhaithe forbartha ag an scoil chun cúram na scoláirí a chur chun cinn. Tá foireann chúraim shainiúil ceaptha do scoláirí sóisearacha agus sinsearach agus tionóltar cruinnithe foirmeálta do na coistí go rialta. Tá an obair seo le moladh.

Déantar cúram an-mhaith de na scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO). Tá córas comhordaithe curtha ar bun chun freastal ar na scoláirí i réimse ábhar. I measc na samplaí de chleachtas uileghabhálach an-mhaith atá in úsáid tá tástálacha agus atástálacha caighdeánaithe, pleananna oideachasúla aonair (POA) á gcur i bhfeidhm, treoir agus oiliúint sa tacaíocht foghlama agus acmhainne curtha ar an bhfoireann ar fad agus tá tús curtha leis an teagasc foirne sa Mhatamaitic. Moltar na tuismitheoirí a bheith níos rannpháirtí i bhforbairt na bPOAanna.

Is é an plean agus an cleachtas maidir le Treoir an ghné is mó is gá a fhorbairt ó thaobh tacaíochtaí a sholáthar do scoláirí. Is suntasach an scóip atá ann forbairt a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ann do scoláirí ó thaobh treoir chomhairleoireachta de. Níl aon treoirchomhairleoir cáilithe ar an bhfoireann. Tá plean an Chláir um Chomhairleoireacht agus Treoir Scoile dréachtaithe, ní mór tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bplean chun cur chuige na scoile uile a threisiú ann. Is den riachtanas é leis an plean Treorach a chur faoi bhráid an bhoird bhainistíochta.

An eagraíocht a bhainistiú

Déantar bainistiú maith ar struchtúir eagraíochta na scoile. Comhlíonann an bord bainistíochta a ndualgais reachtúla go caighdeán maith agus tá gach ball den bhord tar éis oiliúint a ghlacadh dá ról. Tionóltar cruinnithe go rialta agus déantar cur agus cúiteamh ar réimsí lárnaigh de shaol na scoile. Tugtar eolas cuimsitheach ar fheidhmiú na scoile i dtuairisc an phríomhoide agus tá lámhleabhar *Eolas ar do Scoil* d'ardchaighdeán curtha i dtoll a chéile ag an bpríomhoide. Réimse chun forbartha is ea tuairisc níos cuimsithí a ullmhú agus a chur faoi bhráid na foirne teagaisc chomh maith le hionadaithe na dtuismitheoirí. Tá lán-tacaíocht tugtha ag an mbord do bhainistíocht shinsearach na scoile. Cuireann an BOO leibhéal an-mhaith tacaíochta ar fáil don scoil.

Tá formhór na bpolasaithe a chomhlíonann freagrachtaí na scoile glactha ag an mbord ach cé go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht leis na treoirlínte ar Chosaint Leanáí, níl polasaí do na cláir OSPS ná don OCG forbartha, ag teacht lena n-éilítear faoi Imlitir 37/2010. Moltar go láidir don bhord féachaint chuige seo gan mhoill. Níor mhór freisin timthriall athbhreithnithe ar pholasaithe a leagadh amach atá níos córasaí agus an obair seo a dhéanamh i gcomhpháirt le páirtithe eile na scoile. Moltar freisin na pleananna feabhsúcháin scoile (PFS) atá forbartha mar chuid de phróiseas na féinmheastóireachta scoile (FMS) a thabhairt os comhair an bhoird agus leagan gearr a roinnt ansin le pobal na scoile.

Tá beirt mhúinteoirí le poist fhreagrachta agus tá na dualgais atá acu sa scoil dailte go straitéiseach de réir a gcuid scileanna. Tá cúramaí cuí leagtha ar shealbhóirí an dá phost freagrachta; déanann siad na cúramaí sin a chomhlíonadh go héifeachtach gan ró-mhaoirseacht agus tugtar an tsaoirse dóibh na cúraimí a fhorbairt. Tionóltar cruinniú foirmeálta rialta idir na sealbhóirí poist agus an bhainistíocht shinsearach mar chuid dá ról chun tacú le feidhmiú na scoile. Toisc nach bhfuil ach beirt mhúinteoirí ar an bhfoireann mheánbhainistíochta, braitheann cur i bhfeidhm go leor dualgas ar dhea-thoil agus ar fhéinspreagadh na múinteoirí eile. Tá cúraimí breise glactha ag mórán gach múinteoir ar an bhfoireann orthu féin, rud a chintíonn go gcuirtear oideachas iomlánaíoch ar scoláirí faoi mar atá

leagtha amach i ráiteas misin na scoile. Rinneadh athbhreithniú ar sceideal na bpost sa bhliain 2012 i gcomhpháirt leis an bhfoireann agus tosaíodh ar an bpróiseas comhairliúcháin seo arís le déanaí.

Tá an scoil á coinneáil ar chaighdeán an-ard, idir chóiríocht shealadach agus bhuan. Tá an soláthar agus cothabháil ar áiseanna agus ar threalamh teagaisc go han-mhaith. Leagtar béim chuí ar nósanna imeachta athchúrsála mar is cuí.

Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile

Tá tosaíochtaí forbartha maithe aitheanta ag an mbord don tréimhse 2016-2019 lena n-áirítear go sonrach: cóiríocht scoile, forbairt agus athbhreithniú ar pholasaithe, athbhreithniú ar churaclaim agus ar thráthchlár na scoile, dualgais le haghaidh poist fhreagrachta a cheapadh, cur le cáilíocht na cumarsáide idir comhpháirtithe na scoile uile agus FMS a chur chun cinn. Tá go leor plé déanta ar na tosaíochtaí seo ag leibhéal an bhoird agus tá dul cinn áirithe déanta i gcás roinnt de na tosaíochtaí. Is bunús maith iad na tosaíochtaí seo do chomhthéacs reatha na scoile chun plean straitéiseach a fhorbairt. Moltar an próiseas sé-chéim FMS mar aon le struchtúr forfheidhmithe chun an clár feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Tá cáilíocht na cumarsáide go maith i measc chomhpháirtithe na scoile. Tá naisc mhaithe forbartha idir an scoil agus an pobal in abhantrach na scoile. Tugann coiste na dtuismitheoirí lántacaíocht do réimse imeachtaí scoile. Tá sé le moladh go bhfuil áit ar leith do thuismitheoirí ar shuíomh gréasaín na scoile agus moltar an chuid seo den suíomh a úsáid tuilleadh chun faisnéis ar imeachtaí choiste na dtuismitheoirí a roinnt le pobal na scoile uile.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Tá tréithe na féinmheastóireachta, ar bhonn neamhfhoirmiúil, le sonrú ar an obair atá déanta sa scoil ó bunaíodh í agus baintear amach líon maith tosaíochtaí forbartha mar ghnáthchleachtas scoile. Tá na baill foirne páirteach go bríomhar agus go comhoibríoch in obair phroifisiúnta na scoile. Cabhraíonn struchtúir inmheánacha na scoile le cleachtais oibre chomhghleacúla a spreagadh i measc na foirne. Tá ionadaíocht ag gach ball foirne nach mór, an bhainistíocht shinsearach san áireamh, ar ghrúpaí oibre do réimsí forbartha na FMS; a chuimsíonn litearthacht, uimhearthacht, an Idirbhliain, teagasc agus foghlaim agus Folláine. Moltar cur chuige níos stráitéisí agus níos forchéimnithí a fhorbairt, ag teacht leis na treoirlínte ar an bhféinmheastóireacht scoile faoi stiúir na bainistíochta sinsearaí.

Déantar iarrachtaí fóna scileanna ceannaireachta na scoláirí a chothú trí chomhairle na scoláirí, choistí difriúla agus trí na deiseanna ceannaireachta eile atá ag scoláirí mar gheall ar an réimse leathan gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim atá ar bun sa scoil. Cé go bhfuil ionadaithe ó gach bliainghrúpa ar chomhairle na scoláirí ní roghnaítear go daonlathach na hionadaithe ó na bliainghrúpaí éagsúla. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas seo agus toghchán a reáchtáil go bliantúil. B'fhiú freisin machnamh a dhéanamh ar na tairbhí a bheadh ann don chomhairle nascmhúinteoir a ainmniú chun tacú lena gcuid gníomhaíochtaí. Tá sé inmholta go bhfuil an ceathrú Gaelbhrat agus an dara brat glas bainte amach ag an scoil. Ainneoin go bhfuil na deiseanna ceannaireachta seo ag na scoláirí, tá scóip fós guth na scoláirí in imeachtaí na scoile a láidriú.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAISIC AGUS NA FOGHLAMA

Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimoírí

Bhí an Ghaeilge mar mhodh teagaisc, foghlama agus measúnaithe i ngach ábhar. Bhí cáilíocht an teagaisc go han-mhaith nó go maith i bhformhór na gceachtanna, bhí an cleachtas ag an leibhéal sásúil in aon cheathrú eile de na ceachtanna. Sna cásanna ab fhéarr inar éirigh leis na modheolaíochtaí chuir

spriocanna foghlama soiléire creat ar an gceacht, baineadh úsáid thairbheach as meascán d'acmhainní foinisithe nó deartha ag na múinteoir féin, thacaigh an réimse maith straitéisí ceistiúcháin leis an bhfoghlaim. Ina theannta sin bhí an fhoghlaim ghníomhach chun tosaigh agus cothaíodh deiseanna do na scoláirí a bheith ag obair go neamhspleách nó go comhoibríoch ar thascanna ar pleanáladh go cúramach iad. Sa líon beag de na ceachtanna nach raibh thar an leibhéal sásúil bhí scóip ann forbairt a dhéanamh ar cháilíocht na pleanála ceachta agus ar an réimse straitéisí ceistiúcháin ar baineadh úsáid as. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as an gcur chuige difreála agus as teicnící a spreagfadh scoláirí a bheith níos rannpháirtí ina gcuid foghlama féin.

Cruthaíodh deiseanna go leor do na scoláirí dul i ngleic le teanga agus téarmaíocht na n-ábhar ar bhealach fiúntach. Tugadh an tacaíocht chuí do scoláirí má bhí deacracht acu le focal nó le frása. Bhí cleachtas na múinteoirí sna ceachtanna go léir maidir le straitéisí na scoile uile don FMS measartha.

Bhí cáilíocht na foghlama go han-mhaith nó go maith in os cionn leath de na ceachtanna. I gcás mhionlach suntasach de na ceachtanna níor tapaíodh na deiseanna go léir do scoláirí a bheith rannpháirteach go gníomhach le hábhar an cheachta agus is amhlaidh nár bhain na scoláirí amach na féidearthachtaí foghlama ná níor bhain siad an taitneamh céanna as na ceachtanna. Bhí cumas riaranga mórán gach múinteoir go han-mhaith agus tugadh suntas i gcaitheamh na meastóireachta don ghaol comhmheasúil a bhí idir na scoláirí agus an fhoireann agus idir na scoláirí féin. Bhí na seomraí ranga coinnithe go han-mhaith agus feistithe le hacmhainní súl, obair na scoláirí agus póstaer cothrom le dáta. Thacaigh sé seo ar fad le hatmaisféar dearfach agus le heispéireas foghlama a bhí fabhrach agus cuidiúil don fhoghlaim a chruthú ar bhonn na scoile uile.

Tá dul chun cinn maith déanta in oiliúint múinteoirí in úsáid teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC). Bhí úsáid TFC i gcaitheamh na gceachtanna sa raon idir sásúil agus an-mhaith. Chuidigh an cleachtas ab éifeachtaí leis an teagasc agus an fhoghlaim. Tá gá díriú ar leas níos mó a bhaint as acmhainní TFC chun tacú agus chun cur leis an bhfoghlaim.

Ar an iomlán, bhí an cleachtas measúnaithe sásúil. I bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh, thug na múinteoirí aiseolas maith ó bhéal do na scoláirí bunaithe ar a gcuid oibre. I gcúpla cás baineadh úsáid an-mhaith as piarmheasúnú agus féinmheasúnú chun tréimhse ar cheartú agus ar shoiléiriú obair bhaile a éascú. Go ginearálta, baineadh úsáid éifeachtach as réimse maith ceisteanna i dtromlach na gceachtanna agus as straitéisí idirdhealaithe ceistiúcháin i gcás níos lú ná a leath de na ranganna. Tá scóip shuntasach níos mó úsáide a bhaint as ceisteanna oscailte chun deiseanna foghlama a shíneadh tuilleadh. Bhí éagsúlacht mhór i gcáilíocht na monatóireachta a dhéantar ar obair na scoláirí agus is gné ar leith don mheasúnú í seo ina bhfuil gá le forbairt. Bhí fianaise ann ar aiseolas foirmitheach scríofa ar ardchaighdeán sa cheathrú cuid de na ceachtanna. Thug an t-aiseolas seo treoir maidir le feabhas a chur ar an obair agus moladh maidir le réimsí láidreachta ar leith. Moltar plé a dhéanamh ar chleachtais na scoile i leith an mheasúnaithe, straitéisí ar an bhfoghlaim agus chun foghlama a aontú, polasaí measúnaithe a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Bhí cáilíocht fhorhmór na bpleananna curaclaim sa raon sásúil agus bhí mionlach suntasach ar ardchaighdeán. I measc na samplaí den chleachtais ab fhearr bhí teimpléid an-mhaith do na pleananna curaclaim, bhí roinnt acmhainní i measc múinteoirí ag leibhéal maith, bhí scrúduithe comónta in úsáid, anailís ar láidreachtaí, dúshláin, deiseanna agus bagairtí (LDDB) déanta, taifead ar chúrsaí inseirbhíse agus nótaí athmhachnaimh na múinteoirí. Moltar na cuir chuige seo a bheith in úsáid sna pleananna curaclaim ar fad agus de réir mar a fhásann an scoil agus na rannóga ábhair féin, beidh na forbairtí seo níos tábhachtaí fós. Bhí tús curtha leis an bpleanáil do na sonraíochtaí nua sna hábhair chuí.

Ar an iomlán bhí straitéisí litearthachta agus uimhearthachta forbartha in oiriúint do mhúineadh na n-ábhar ach ní raibh straitéisí aontaithe na scoile uile maidir le FMS le léamh sna pleananna. Moltar an t-easnamh seo a athbhreithniú. Tá gá freisin do roinnt de na ranna ábhair féin anailís chriticiúil a dhéanamh ar thorthaí scrúduithe teistiméireachta agus plean gnímh a fhorbairt do na hábhair agus straitéisí aontaithe FMS a bheith curtha san áireamh san obair seo.

3. CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Eisíodh cúig thuairisc chigireachta chuig an scoil go dáta agus tá dul chun cinn maith déanta ag leibhéal na bainistíochta leis na moltaí a bhí déanta sa réimse seo a chur i gcrích.

Teagasc agus Foghlaim

Cé go bhfuil dul chun cinn maith le sonrú i bhforfheidhmiú na moltaí a rinneadh faoin gcleachtas maidir le húsáid intinní foghlama agus modheolaíochtaí a éilíonn ar scoláirí a bheith gníomhach ina gcuid foghlama, tá scóip ann i gcónaí le forbairt a dhéanamh san aiseolas foirmitheach scríofa a sholáthar ar obair na scoláirí. Níl an dul chun cinn thar an leibhéal sásúil sa phleanáil chomhoibríoch d'fhormhór na n-ábhar.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE

Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile

Tá dul chun cinn sásúil déanta ag an scoil maidir leis an bpróiseas FMS. Tá pleananna feabhsúcháin scoile sásúla forbartha do na ceithre réimse lena n-áirítear litearthacht, uimhearthacht, teagasc agus foghlaim agus an Idirbhliain. Tá grúpaí oibre ceaptha do gach réimse feabhsúcháin. Bhain caighdeán an-mhaith leis na sonraí bonnlíne atá bailithe agus bhí ionchur na foirne, na dtuismitheoirí agus na scoláirí le léamh san eolas a bailíodh. Moltar spriocanna feabhsúcháin níos intomhaiste a leagadh síos i gcás gach réimse forbartha agus úsáid níos córasaí a bhaint as an bpróiseas sé-chéim don FMS. Tá gá anois struchtúir a fhorbairt chun rannpháirtíocht chomhoibríoch gach ball foirne a éascú agus ról comhordaithe ar an bpróiseas a bheith ag duine den bhainistíocht shinsearach.

Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán

Tá baill na scoile tiomanta don fheabhsúchán scoile agus breathnaíodh le linn na meastóireachta go bhfuil acmhainn feabhsúcháin na scoile ag leibhéal an-ard.

5. COSAINT LEANAÍ

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na nósanna Imeachta maidir le cosaint leanaí i mbunscoileanna agus in lar-bhunscoileanna, gan athrú nó leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi nósanna Imeachta maidir le cosaint leanaí i mbunscoileanna agus in lar-bhunscoileanna.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Tréasláíonn an Bord go láidir le bainistíocht agus foireann teagaisc an Choláiste as fianaise an deá-chleachtais agus ard-mholadh na Cigireachta a léiríodh sa tuairisc seo.

Anuas are na príomhchinntí dearfacha is ábhar misnigh don Bhord gur aithníodh sa tuairisc.

- *‘go gcothaíonn an bhainistíocht timpeallacht scoile an-dearfach...’ agus ‘... go n-oibríonn an príomhoide agus príomhoide tanaisteach go han-mhaith le chéile...’*
- *Go bhfuil ‘...raon fairsing imeachtaí seach-churaclaim.... an fhoireann le moladh as a ndúthracht agus a bhflaithiúlacht na himeachtaí breise seo a chur ar fáil’.*
- *Go bhfuil ‘...bainistiú na scoláirí go han-mhaith’ agus go bhfuil ‘gaol an-mhaith idir an fhoireann agus na scoláirí...’*
- *Go ndéantar ‘cúram an-mhaith de na scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais’*
- *Go bhfuil ‘...an scoil á coinneáil ar chaighdeán an-ard...’ agus go bhfuil ‘soláthar... ar áiseanna agus ar threalaimh teagaisc go han-mhaith.’*

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Glacann an Bord leis na moltaí chun feabhais a déanadh, rud a chinnteoidh go leanfar le hardchaighdeán oideachais a sholáthar i gColáiste an Eachréidh.

- Tá an Bord tiomanta go hiomlán timthriall athbhreithnithe níos córasaí a chur i bhfeidhm maidir le athbhreithniú polasaithe agus beartais eile scoile.
- Tá an obair mhaith atá á dhéanamh sa Roinn OSPS cuimsithe anois agus faomhaithe ag an mBord, i bpolasaí aontaithe iomlán scoile OSPS agus OCG, polasaí atá anois neadaithe sa Chláir um Chomhairleoireachta agus Treoir Scoile chun cur chuige na scoile uile a threisiú.
- Aithníodh sa tuairisc *‘...go ndéantar iarrachtaí fóna scileanna ceannaireachta na scoláirí a chothú trí chomhairle na scoláirí agus coistí difriúla eile ...’* ag tógáil ar sin deimhneofar go gcuirfear nósanna cleachtais níos cuimsithí i bhfeidhm chun guth na ndaltaí a láidriú níos mó. Ainmeofar Príomhoide Cúnta (PC) mar nascmhúinteoir chun an réimse seo a chur chun cinn.
- Ag am na cigireachta bhí Príomhoide Cúnta (I) amháin agus Príomhoide Cúnta (II) amháin ar fhoireann bhainistíochta in-scoile. Aithníodh seo le linn na cigireachta *‘...toisc nach bhfuil ach beirt ar an bhfoireann mheánbhainistíocht braitheann cur i bhfeidhm go leor dualgas ar dhea-thoil ...’* Beidh ocht ar an bhfoireann mhéanbhainistíocht i Meán Fómhair 2018. Is léir go raibh an scoil á bainistiú gan na struchtúir thacaíochta chuí a bheith ar fail aici. Ní hamhlaidh a bheidh don scoil bhliain seo chugainn nuair a bheidh 3 x PC(I), 4 xPC(II) agus 1x Coordaitheoir Cláir, le ról ag gach múinteoir sa Fhéinmheastóireacht Scoile lena chinntiú go dtógfar ar an obair mhaith atá déanta go dáta ar bhealach níos córasaí.
- Tar éis lá inseirbhíse le héascaitheoir ón PDST tá an fhoireann uilig uasdátaithe ar an bpróiseas FMS. Anuas ar sin, tá dhá réimse ainmnithe mar fhócas don scoil bhliain seo chugainn, ‘eispéireas na bhfoghlaimoirí’ agus ‘cleachtas comhchoiteann’ na múinteoirí, tagann na tosaíochtaí seo go mór le moltaí na cigireachta. Tá polasaí measúnaithe forbatha agus faomhaithe ag an mBord.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning

REPORT

Ainm na scoile / School name	Coláiste An Eachréidh
Seoladh na scoile / School address	Cullairbaun Athenry Co. Galway
Uimhir rolla / Roll number	76102K

Date of Evaluation: 06-12-2017



This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

What is whole-school evaluation – management, leadership and learning?

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of learning and teaching and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

5. Quality of school leadership and management
6. Quality of teaching and learning
7. Implementation of recommendations from previous evaluations
